Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0139

Glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2025 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026 (COM(2025)0304 – C10-0110/2025 – 2025/0158(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2025)0304),

 ag féachaint d'Airteagal 140(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0110/2025),

– ag féachaint do Thuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir le Cóineasú agus do Thuarascáil mhí an Mheithimh 2025 ón mBanc Ceannais Eorpach maidir le Cóineasú,

 ag féachaint do Riail 108 dá Rialacha Nós Imeachta,

 ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0113/2025),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán seasamh Pharlaimint na hEorpa a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an nGrúpa Euro agus chuig rialtais na mBallstát.